**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**
**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**UNIVERSITIES ACT, 1997**

# OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

# RIALACHÁN 1/2020

**National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh***

**REGULATION 1/2020/ *RIALACHÁN 1/2020***

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Regulation contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twenty-seventh Day of February, Two Thousand and Twenty./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an seachtú lá is fiche seo de Feabhra, Dhá Mhíle agus a Fiche.*

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala*
*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Acadúil*

**Schedule – REGULATION 1/2020/*Sceideal – RIALACHÁN 1/2020***

All previous Regulations of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Rialacháin uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

## CHAPTER I

## VICE-PRESIDENT: INTERNATIONAL

1. The Office of the Vice-President for the Student Experience, as set out in Regulation 2/2003 and retitled and amended in Regulation 2/2010 is hereby revoked and replaced by the Office of Vice-President: International.

2. Regulation 2/2010 is hereby amended by the substitution of the following Sections 1, 2 and 3 for Sections 1 and 2 of Chapter III therein:

    1. The Vice-President: International under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have responsibility for advancing the international strategy of the University. This will include responsibility for:

        a) Assisting in the development, implementation and management of the University's strategy, working with colleagues across the University;
        b) Developing and implementing a University-wide international strategy consistent with the University's strategy;
        c) Providing strategic leadership and oversight of the International Office including leadership of an ethical international student recruitment strategy; the identification and development of strategic international partnerships; developing best practice policies and procedures to support the University's international strategy.

    2. The Vice-President: International shall be a member of the University Management Team and shall attend as required, at meetings of Údarás na hOllscoile and any relevant committees thereof.

    3. The Vice-President: International shall consult, as directed by the President, with other officers of the University and appropriate Bodies external to the University in respect of matters of common concern.

## CHAPTER II

## VICE-PRESIDENT FOR DEVELOPMENT

1. The Office of the Vice-President for Innovation and Performance, as set out in Regulation 2/2010 is hereby revoked and replaced by the Office of Vice-President for Development.

2. Regulation 2/2010 is hereby amended by the substitution of the following Sections 1, 2 and 3 for Sections 1, 2, and 3 of Chapter I therein:

    1. The Vice-President for Development under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, shall have responsibility for leading the Development strategy of the University and Galway University Foundation, leading and managing the Fundraising, Alumni, Marketing, Community and Business Engagement teams, consistent with the University's Strategic Plan. This will include responsibility for:

a) Assisting in the development, implementation and management of the University's strategy, working with colleagues across the University;
b) Develop a strategic future plan for the University's engagement with key external stakeholders including Alumni, Donors, Foundations, Corporate, and Community partners, and also oversee and ensure that the plan is deployed appropriately.
c) Providing strategic leadership and oversight to the Development, Marketing, Alumni, and Community teams and working collaboratively with the University Management Team and Galway University Foundation;
d) Developing targets and timetables in relation to the delivery of the University's Development strategy.

2. The Vice-President of Development shall be a member of the University Management Team and shall attend as required, at meetings of Údarás na hOllscoile and any relevant committees thereof.

3. The Vice-President of Development shall consult, as directed by the President, with other officers of the University and appropriate Bodies external to the University in respect of matters of common concern.

## CHAPTER III

## VICE-PRESIDENT FOR DEVELOPMENT AND EXTERNAL AFFAIRS

1. The Office of the Vice-President for Development and External Affairs, as set out in Regulation 1/1995 is hereby revoked.

## CHAPTER IV

1. This Regulation shall come into operation on the twenty-seventh Day of February Two Thousand and Twenty, and may be cited as Regulation 1/2020, National University of Ireland, Galway, or Reg. 1/2020, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Acadúil*

## CAIBIDIL I

## LEAS-UACHTARÁN: IDIRNÁISIÚNTA

1. Déantar Oifig an Leas-Uachtaráin d'Eispéireas na Mac Léinn, arna leagan amach i Rialachán 2/2003 agus arna hathainmniú agus arna leasú i Rialachán 2/2010 a chúlghairm leis seo, agus Oifig an Leas-Uachtaráin: Idirnáisiúnta a chur ina hionad.

2. Déantar leis seo Rialachán 2/2010 a leasú trí Chodanna 1, 2 agus 3 a leanas a chur in ionad Chodanna 1 agus 2 de Chaibidil III:

    1. Is ar an Leas-Uachtarán: Idirnáisiúnta faoi stiúir an Uachtaráin agus de réir polasaí arna chinneadh ag Údarás na hOllscoile a bheidh an fhreagracht as straitéis idirnáisiúnta na hOllscoile a chur chun cinn. Áireofar leis sin freagracht as:

        a) Cabhrú le forbairt, cur chun feidhme agus bainistiú straitéis na hOllscoile, i gcomhpháirt le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile;
        b) Straitéis idirnáisiúnta uile-Ollscoile, atá i gcomhréir le straitéis na hOllscoile, a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
        c) Ceannaireacht agus maoirseacht straitéiseach a chur ar fáil don Oifig Idirnáisiúnta, a n-áireofar leis sin ceannaireacht ar straitéis eiticiúil earcaíochta mac léinn idirnáisiúnta; aithint agus forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta; forbairt polasaithe agus nósanna imeachta dea-chleachtais d'fhonn tacú le straitéis idirnáisiúnta na hOllscoile.

    2. Beidh an Leas-Uachtarán: Idirnáisiúnta ina chomhalta d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus freastalóidh sé/sí, de réir mar a éilítear air/uirthi, ar chruinnithe Údarás na hOllscoile agus ar aon choiste ábhartha lena mbaineann.

    3. Rachaidh an Leas-Uachtarán: Idirnáisiúnta, arna stiúradh ag an Uachtarán, i gcomhairle le hoifigigh eile na hOllscoile agus le Comhlachtaí lasmuigh den Ollscoil i ndáil le nithe ar cás leo araon.

## CAIBIDIL II

## LEAS-UACHTARÁN DON FHORBAIRT

1. Déantar Oifig an Leas-Uachtaráin do Nuálaíocht agus Feidhmíocht, arna leagan amach i Rialachán 2/2010 a chúlghairm leis seo, agus Oifig an Leas-Uachtaráin don Fhorbairt a chur ina hionad.

2. Déantar leis seo Rialachán 2/2010 a leasú trí Chodanna 1, 2 agus 3 a leanas a chur in ionad Chodanna 1, 2 agus 3 de Chaibidil I:

    1. Is ar an Leas-Uachtarán don Fhorbairt, faoi stiúir an Uachtaráin agus de réir polasaí arna chinneadh ag Údarás na hOllscoile, a bheidh an fhreagracht as straitéis Forbartha na hOllscoile agus Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe a stiúradh, as na foirne Tiomsaithe Airgid, Alumni, Margaíochta, Pobail agus Caidrimh Gnó a stiúradh agus a bhainistiú i gcomhréir le Plean Straitéiseach na hOllscoile. Áireofar léi sin freagracht as:

a) Cabhrú le forbairt, cur chun feidhme agus bainistiú straitéis na hOllscoile i gcomhpháirt le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile;
b) Plean straitéiseach don todhchaí a fhorbairt do chaidrimh na hOllscoile le príomhpháirtithe leasmhara, a n-áirítear leo sin Alumni, Deontóirí, Fondúireachtaí, comhpháirtithe Corparáideacha agus Pobail, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an bplean agus cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go cuí é;
c) Ceannaireacht agus maoirseacht straitéiseach a chur ar fáil do na foirne Forbartha, Margaíochta, Alumni agus Pobail agus oibriú i gcomhar le Foireann Bainistíochta na hOllscoile agus le Fondúireacht Ollscoil na Gaillimhe;
d) Spriocanna agus amchláir a fhorbairt d'fhonn straitéis Forbartha na hOllscoile a thabhairt chun críche.

2. Beidh an Leas-Uachtarán don Fhorbairt ina chomhalta d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus freastalóidh sé/sí, de réir mar a éilítear air/uirthi, ar chruinnithe Údarás na hOllscoile agus ar aon choiste ábhartha lena mbaineann.

3. Rachaidh an Leas-Uachtarán don Fhorbairt, arna stiúradh ag an Uachtarán, i gcomhairle le hoifigigh eile na hOllscoile agus le Comhlachtaí lasmuigh den Ollscoil i ndáil le nithe ar cás leo araon.

## CAIBIDIL III

## AN LEAS-UACHTARÁN DON FHORBAIRT AGUS GNÓTHAÍ SEACHTRACHA

1. Déantar Oifig an Leas-Uachtaráin don Fhorbairt agus Gnóthaí Seachtracha, arna leagan amach i Rialachán 1/1995, a chúlghairm leis seo.

## CAIBIDIL IV

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i ngníomh an seachtú lá is fiche de Feabhra, Dhá Mhíle agus a Fiche, agus féadfar Rialachán 1/2020, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó Rial. 1/2020, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Acadúil*